C/2024/5758

24.9.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11652 — OCEAN YIELD / GEOGAS / MARIGOLD / NYK / FLS JV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/5758)

1. An 16 Meán Fómhair 2024 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Ocean Yield AS ('Ocean Yield', an Iorua) faoi rialú KKR & Co. Inc. ('KKR', Stáit Aontaithe Mheiriceá),

— Geogas Maritime SAS ('Geogas Maritime', an Fhrainc), ar leis an nGrúpa Geogas é ('Geogas', an Fhrainc),

— Marigold ACP SARL ('Marigold', Lucsamburg) faoi rialú Access Capital Partners Group S.A. ('Access Capital Partners', an Fhrainc),

— Nippon Yusen Kabushiki Kaisha ('NYK', an tSeapáin),

— France LNG Shipping SAS ('FLS JV', an Fhrainc).

Gheobhaidh Ocean Yield, Geogas Maritime, Marigold agus NYK rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar FLS JV.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta longúinéara é Ocean Yield, agus tá cabhlach soitheach aige, lena n-áirítear tancaeir ola agus longa coimeádán, a ligean sé ar cíos do chuideachtaí loingseoireachta. Tá Ocean Yield faoi rialú KKR, ar gnólacht infheistíochta domhanda é,

— Déanann Geogas Maritime speisialtóireacht ar thrádáil idirnáisiúnta agus ar iompar gáis peitriliam leachtaithe,

— Is cuideachta sealbhaíochta infheistíochta é Marigold a chomhordaíonn gníomhaíochtaí na n-eintiteas uile ina bhfuil leas díreach nó indíreach aige. Tá sé faoi rialú Access Capital Partners, bainisteoir sócmhainní príobháideacha neamhspleách,

— Is soláthraí Seapánach liostaithe é NYK a chuireann seirbhísí loingseoireachta agus lóistíochta ar fáil agus a dhéanann speisialtóireacht ar iompar muirí idirnáisiúnta,

— Is le FLS JV soithí GNL, agus déanann sé iad a mhaoiniú agus a bhainistiú ar bhonn tráchtála, ar bhonn socruithe fadtéarmacha maidir le cairtfhostú.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11652 — OCEAN YIELD / GEOGAS / MARIGOLD / NYK / FLS JV

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála thíos:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË